AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.9.2014
SWD(2014) 272 final

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

a ghabhann leis an doiciméad

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beatha íocleasaithe a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid agus lena n-aisghairtear Treoir 90/176/CEE ón gComhairle

{COM(2014) 556 final}
{SWD(2014) 271 final}

1. RÉAMHRÁ

Is é is aidhm don mheasúnú tionchair seo tacú leis na hathruithe atá beartaithe ar Threoir 90/167/CEE ina leagtar amach na coinníollacha faoina bhféadfaí beathaí íocleasaithe ainmhithe a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid laistigh d'AE. Meascán ábhar beatha agus táirge íocshláinte tréidliachta atá údaraithe go sonrach is ea beatha íocleasaithe. Teastaíonn oideas ó thréidlia sula bhféadfaí é a sholáthar do shealbhóirí ainmhithe.

Ceann de roinnt roghanna atá ag an sealbhóir ainmhithe is ea táirgí íocshláinte tréidliachta a thabhairt d'ainmhithe breoite le beatha. De réir staid shonrach na feirme, is féidir gurb é cóireáil le beatha íocleasaithe an chéad bhealach is fearr chun an táirge íocshláinte tréidliachta a thabhairt don ainmhí.

2. TUAIRISC AR AN BHFADHB: AN CÁS BUNLÍNE AGUS FADHBANNA

Tá an Treoir ann ó 1990, ní dhearnadh athbhreithniú riamh uirthi, agus mar gheall ar chur chun feidhme náisiúnta ar bhealaí éagsúla, tá éagsúlacht mhór ann idir na Ballstáit maidir leis an tábhacht a bhaineann le beatha íocleasaithe d'ainmhithe saothraithe.

Fadhb 1 (Iarmhar táirgí íocshláinte tréidliachta i mbeatha): I roinnt Ballstát ina bhfuil ceanglais náisiúnta scaoilte tá leibhéil lamháltais leathana ann maidir le tuliompar antaibheathach ó bheatha íocleasaithe go dtí beatha chumaisc. Má tá na miocróib san ainmhí nochta do dháileog áirithe frithmhiocróbán, tiocfaidh líon suntasach pataiginí slán ón gcóireáil agus spreagfar tréchineálacha miocrób atá frithsheasmhach dá bharr. I mBallstáit eile ní ann d'aon luach maidir leis an líon iarmhair is féidir a thuliompar, rud a chiallaíonn go mbíonn neamhchinnteacht dhlíthiúil ann do na hoibreoirí.

Is iad seo a leanas na hiarmhairtí a bhaineann le hiarmhar na gcógas:

- riosca méadaithe go mbeidh frithsheasamh frithmhiocróbach (AMR) ann mar gheall ar na leibhéil lamháltais leathana frithmhiocróbán i mbeatha i roinnt Ballstát agus
- measúnú trom de réir gach cáis ar leith sna Ballstáit nach bhfuil teorainneacha maidir le tuliompar iontu i dteannta le neamhchinnteacht dhlíthiúil d'oibreoirí.

Fadhb 2 (dáileog neamhbheacht an táirge íocshláinte tréidliachta): Tá dáileogacht bheacht táirgí íocshláinte tréidliachta béil an-tábhachtach chun cóireáil éifeachtach a chur ar ghrúpa i.e. chun a áirithiú go bhfaigheann gach ainmhí aonair an dáileog theiripeach cheart. D'fhéadfadh tocsaineacht san ainmhí a bheith mar thoradh ar dháileogacht neamhbheacht (dáileogacht ró-ard) nó d'fhéadfadh sé cur leis an riosca nach leigheasfaí ainmhithe (dáileogacht ró-íseal). Ar thaobh amháin tá an riosca ann nach mbeidh an dáileogacht beacht go leor mura féidir ionchorprú aonchineálach an chógais sa bheatha a áirithiú agus an bheatha íocleasaithe á monarú, e.g. i mBallstát a bhfuil rialacha scaoilte aige nó má tá iontógáil na beatha íocleasaithe ag ainmhithe níos ísle mar a bhíothas ag súil leis. I roinnt Ballstát níl aon lamháltais a bheag ná a mhór ann i dtaca le táirgí íocshláinte tréidliachta i mbeatha chumaisc agus tá rialacha diana maidir le beatha íocleasaithe a mhonarú, rud a fhágann nach féidir teacht ar bheatha íocleasaithe sa deireadh thiar thall. Ós rud é go bhfuil cainníochtaí foriomlána na dtáirgí íocshláinte tréidliachta a thugtar d'ainmhithe neamhspleách ar infhaighteacht na mbealaí eile chun iad a thabhairt, tá na bealaí nach bhfuil chomh beacht agus nach féidir a rialú chomh maith céanna chun táirgí íocshláinte tréidliachta a thabhairt níos coitianta, e.g. táirge íocshláinte tréidliachta i bhfoirm púdair béil a spréitear ar bharr na beatha.

Is iad seo a leanas na hiarmhairtí a bhaineann le dáileogacht neamhbheacht:

- cóireáil neamhéifeachtach d'ainmhithe breoite mar ní fhaigheann siad leibhéal teiripeach an táirge íocshláinte tréidliachta (cliseadh ar theiripe mar thoradh ar dháileog easnamhach) agus iarmhar na gcógas i dtáirgí ainmhithe (ainmhithe ar tugadh barraíocht dóibh) sna Ballstáit inar úsáideadh púdair bhéil nach bhfuil chomh beacht céanna in ionad beatha íocleasaithe agus sna Ballstáit nach ndéantar aonchineálacht beatha íocleasaithe a áirithiú go leordhóthanach agus
- AMR méadaithe mar gheall ar leibhéil fho-theiripeacha frithmhiocróbán ar fheirmeacha sna Ballstáit nach gcuireann aon lamháltas i bhfeidhm a bheag ná a mhór de dheasca úsáid mhéadaithe roghanna eile ar bheatha íocleasaithe, roghanna nach féidir a rialú chomh héasca céanna.

Fadhb 3 (bacainní ar tháirgeadh agus trádáil beatha íocleasaithe a leathnú laistigh d’AE): Tá a chóras féin maidir le beatha íocleasaithe curtha ar bun ag gach Ballstát. Ciallaíonn sé sin go bhfuil cúrsaí an-chasta agus an-chostasach mar atá siad faoi láthair, go háirithe do na tionscail lena mbaineann. Is éard is cúis leis sin, ar an gcéad dul síos, ná go bhfuil na forálacha maidir le monarú sa Treoir ó AE doiléir agus go léirítear iad ar bhealaí éagsúla sna Ballstáit. Ar an dara dul síos, tugtar roinnt roghanna do na Ballstáit sa Treoir ó AE a gcórais náisiúnta a cheapadh, amhail dáileoirí beatha íocleasaithe a cheadú nó táirgeadh réamh-mheasta beatha íocleasaithe a cheadú sula bhfaightear an t-oideas ón tréidlia.

Iarmhairtí a bhaineann le córais dhifriúla náisiúnta:

- Bacainní ar thrádáil beatha íocleasaithe laistigh d’AE, iomaíocht shrianta agus bacainní ar scaipeadh nuálaíochta,
- ualach mór rialála ar an tionscal má dhéantar gnó lasmuigh den mhargadh áitiúil,
- cáilíocht mhíshásúil mhonaraíochta i mBallstát a bhfuil rialacha scaoilte aige agus
- costais iomarcacha ar bheatha íocleasaithe sna Ballstáit a bhfuil córas d'ardchaighdeán acu.

Fadhb 4 (rochtain neamhfhéideartha ar an margadh i gcás beatha íocleasaithe do pheataí): Go ginearálta, baintear úsáid as beatha íocleasaithe chun cóireáil a chur ar ghrúpaí móra ainmhithe san fheirmeoireacht bheostoic. Mar sin féin, i gcás táirgí íocshláinte tréidliachta áirithe d'fhéadfadh an chóireáil a chuirtear ar pheataí le beatha íocleasaithe a bheith sármhaith mar is féidir le húinéirí cógais a thabhairt dá bpeataí i bhfoirm beatha ullmhaithe. Tá roinnt Ballstát in amhras faoi fheidhmiú na reachtaíochta maidir le beatha íocleasaithe i gcás peataí, áfach, ós rud é gur ar Airteagal 43 (an Comhbheartas Talmhaíochta) atá sí bunaithe, agus, dá dheasca sin, meastar nach bhfuil feidhm aici ach maidir le hainmhithe saothraithe.

Spreagadh eile is ea cur chun feidhme náisiúnta na Treorach: Tagann an ceanglas maidir le hoideas a bheith ar fáil roimh an gcéim táirgthe (os coinne roimh dháileadh) salach ar tháirgeadh agus dáileadh lárnach. Ní cheadaíonn roinnt Ballstát monarú réamh-mheasta beatha íocleasaithe. Tá Ballstáit eile ann nach n-aontaíonn le dáileoirí a bheith ag gníomhú mar idirghabhálaithe idir monaróir agus úsáideoir, agus a éilíonn, ina choinne sin, dáileadh díreach ón muileann beatha go dtí sealbhóir an ainmhí. Ní féidir an ceanglas sin a chomhlíonadh i gcás margaíochta bia peataí.

Is iad seo a leanas iarmhairtí na srianta ar bhia íocleasaithe do pheataí:

- bacainní móra roimh chomhlachtaí nuálacha a theastaíonn uathu a ngnó i mbia íocleasaithe do pheataí a leathnú agus
- cosc ar úinéirí peataí a bhfuil galair ainsealacha orthu cóireáil a chur orthu ar an mbealach compordach éifeachtúil sin.

3. AN GÁ ATÁ LE BEARTA Ó AE – COIMHDEACHT

Treoir a bunaíodh roimh chruthú an mhargaidh inmheánaigh agus nach ndearnadh aon leasú substainteach uirthi riamh atá sa reachtaíocht maidir le beatha íocleasaithe atá ann faoi láthair. Is féidir a mheas gur sampla d'fhíorchoimhdeacht atá inti: Thug trasuíomh náisiúnta na hionstraime dlíthiúla sin saoirse do na Ballstáit agus na forálacha dlíthiúla á léiriú agus á gcur chun feidhme acu, ach ní haon chabhair í an tsolúbthacht leis an sprioc maidir le margadh inmheánach feidhmiúil a bhaint amach agus is í is cúis leis na húdair imní maidir le sláinte ainmhithe agus sláinte an phobail. Maidir le forbairt na gcóras náisiúnta, léirítear sa treocht thar na blianta go bhfuil meath, seachas feabhas, tagtha ar na fadhbanna sin cé go ndearna go leor Ballstát iarracht dul i ngleic leis na fadhbanna trí phleananna gníomhaíochta náisiúnta. Bhí an-tóir ar bhearta nithiúla comhchuibhithe ar leibhéal AE de réir an staidéir sheachtraigh, comhairliúchán spriocdhírithe agus comhairliúchán ar líne leis na páirtithe leasmhara agus na Ballstáit (88% de na freagróirí). Dá bhrí sin, tá fianaise shoiléir ann gur féidir breisluach de chuid AE a chruthú má dhéantar an ionstraim dhlíthiúil cheart lena ngabhann bearta comhréireacha a roghnú.

I gcomparáid leis an ngníomhaíocht scaipthe ar an leibhéal náisiúnta, bheadh tairbhe shoiléir i réimsí na hinmharthanachta eacnamaíche, sláinte ainmhithe agus sláinte an phobail mar thoradh ar ghníomhaíocht ar leibhéal AE. Dá bhrí sin, tá sé mar sprioc leis an togra seo comhchuibhiú na bparaiméadar ríthábhachtach a bhaint amach fad is féidir leis na gníomhaithe ar an leibhéal áitiúil na modhanna a roghnú chun iad a chomhlíonadh.

4. CUSPÓIRÍ AN TIONSCNAIMH DE CHUID AE

Cuspóirí ginearálta beartais:

(1) Feidhmiú rianúil margaidh inmheánaigh nuálaigh agus iomaíoch do bheatha íocleasaithe agus

(2) leibhéal ard cosanta maidir le sláinte ainmhithe agus sláinte an phobail a áirithiú san am céanna.

Cuspóirí sonracha:

- An easpa lamháltais a bheag nó a mhór maidir le tuliompar táirgí íocshláinte tréidliachta dosheachanta a shárú
- Beatha íocleasaithe a chur ar fáil d'fheirmeoirí agus úinéirí peataí ar phraghas iomaíoch
- Srian a chur le riosca AMR ó dháileogacht iarmhair agus dháileogacht fho-theiripeach frithmhiocróbán.
- Sláinte ainmhithe a fheabhsú trí dháileogacht bheacht táirgí íocshláinte tréidliachta béil a thabhairt

- Bacainní ar bheatha íocleasaithe nuálach, "núíosach" a dhíbirt.

5. ROGHANNA BEARTAIS

Rogha 1 – an status quo a choinneáil – gan aon athrú beartais

Ní thabharfadh AE faoi aon ghníomh i réimse na beatha íocleasaithe. Ní thiocfadh aon athrú ar chineál ginearálta na Treorach atá ann faoi láthair agus bheadh sí fós faoi réir léirmhíniú agus cur chun feidhme náisiúnta ar bhealaí éagsúla. Bheadh rialacha sonracha i bhfeidhm ó Bhallstát go Ballstát. Bheadh éagsúlacht fós ann idir na Ballstáit ó thaobh leibhéil iarmhair na dtáirgí íocshláinte tréidliachta i mbeatha chumaisc.

Rogha 2 – Treoir 90/167 a leasú i dteannta le reachtaíocht bhog

Dhéanfaí raon na Treorach a shoiléiriú agus a leathnú ionas go gcuimseofaí beatha íocleasaithe do pheataí. Faoin rogha seo ní dhéanfaí foráil maidir le haon athruithe ar an Treoir atá ann faoi láthair ó thaobh forálacha teicniúla de. Dhéanfaí na treoirlínte do na húdaráis áitiúla agus na hoibreoirí a fhormhíniú maidir leis na réimsí inar aimsíodh fadhbanna, amhail sásraí rialaithe, caighdeáin mhonaraíochta nó iarmhar táirgí íocshláinte tréidliachta i mbeatha.

Rogha 3 – Rialachán nua ó AE lena ngabhann rialacha mionsonraithe

Faoin rogha seo, thabharfaí faoin raon feidhme a shoiléiriú de réir mar atá leagtha amach i rogha 2 ach dhéanfaí é i bhfoirm Rialacháin a bheadh ceangailteach go díreach ó thaobh an dlí de. Bheadh cead ag dáileoirí a bheith ina n-idirghabhálaithe idir monaróirí agus úsáideoirí beatha íocleasaithe ar fud AE ar fad, rud atá ríthábhachtach i gcás bia íocleasaithe do pheataí. Sa Rialachán leagfaí síos critéir bheachta ó AE maidir le beatha íocleasaithe ó thaobh teicneolaíochta measctha agus aonchineálachta de. In AE cheadófaí beatha íocleasaithe réamh-mheasta a tháirgeadh, meascadh ar an bhfeirm agus meascadh soghluaiste, agus dhéanfaí na caighdeáin a bhaineann leis na scéimeanna sin a ardú san am céanna. Níor mhór d'údaráis na mBallstát dianfhaireachán a dhéanamh lena áirithiú go n-eisítear oidis bheachta tréidliachta agus go gcloíonn monaróirí agus úsáideoirí beatha íocleasaithe araon go docht leis na hoidis sin.

Níor mhór leibhéil leathana lamháltais ar fud AE a shocrú maidir le tuliompar táirgí íocshláinte tréidliachta i mbeatha, a bheadh bunaithe ar mheasúnú ar an riosca d'ainmhithe agus daoine i dtaca le cineálacha éagsúla substaintí gníomhacha.

Ní bheadh ar údaráis inniúla an Bhallstáit iarracht a dhéanamh an Treoir ghinearálta a léirmhíniú agus d'fhéadfaidís dúthracht a chaitheamh lena áirithiú nach dtabharfaí beatha íocleasaithe ach amháin i gcás oidis, go gcomhlíonann gach monaróir na critéir aonchineálachta agus na teorainneacha tuliompair, agus nach ndéanfaí an bheatha íocleasaithe a mhí-úsáid.

6. MEASÚNÚ TIONCHAIR AR NA ROGHANNA BEARTAIS AGUS COMPARÁID

Rinneadh na roghanna beartais a thástáil os coinne chuspóirí an athbhreithnithe ar an reachtaíocht agus rinneadh meastóireacht ar an tionchar a bheadh leo i gcúrsaí eacnamaíochta, sláinte agus eile:

Faoi rogha 1, mar thoradh ar chur chun feidhme náisiúnta rialacha ginearálta AE bheadh an-éagsúlacht ann fós ó thaobh na bparaiméadar eacnamaíoch agus sábháilteachta a bhaineann le beatha íocleasaithe a mhonarú agus a úsáid. Bheadh an treocht go gcuirtear cóireáil ar níos lú ainmhithe le beatha íocleasaithe fós ann fiú dá mba í beatha íocleasaithe an chéad bhealach cóireála ab fhearr. Bheadh an timpeallacht margaíochta

fós an-scaipthe agus an-eisiach ó thaobh beatha íocleasaithe a chur i bhfeidhm ar bhealaí nua, nuálacha. Bheadh ar mhonaróirí a theastaíonn uathu leathnú amach óna mBallstát baile costais shuntasacha comhlíonta a íoc mar gheall ar chórais náisiúnta éagsúla do bheatha íocleasaithe. Bheadh bac ar mhonaróirí a theastaíonn uathu leathnú amach i mbia íocleasaithe do pheataí agus ní bheadh an bealach compordach éifeachtach cóireála sin ar fáil do go leor úinéirí peataí a bhfuil peataí acu a bhfuil galair ainsealacha orthu. Sna Ballstáit ina bhfuil dianchaighdeáin mhonaraíochta do bheatha íocleasaithe, baineann na feirmeoirí úsáid as cógais eile nach bhfuil chomh hinrialaithe céanna in ionad beatha íocleasaithe a úsáid. Bíonn tionchar diúltach i gceist leis sin maidir le dáileogacht bheacht (=> cóireáil éifeachtúil) agus maidir leis an bhfadhb a bhaineann le húsáid fho-theiripeach frithmhiocróbán in uisce nó i mbeatha nach bhfuil íocleasaithe. Bheadh an riosca ó thaobh forbartha AMR ann fós sna Ballstáit a mbeadh leibhéil lamháltais leathana iontu maidir le hiarmhair frithmhiocróbán i mbeatha.

Faoi rogha 2, bheadh difríocht shuntasach ann fós ó thaobh na bparaiméadar eacnamaíoch do mhonaróirí beatha íocleasaithe mar gheall ar thionchar ceannasach na gcóras náisiúnta ar chostais beatha íocleasaithe agus, mar sin, ní féidir bheith ag súil le haon athrú suntasach ar an mbunlíne. Bheadh deiseanna ann maidir le bia íocleasaithe do pheataí mar thoradh ar pheataí a áireamh go sainráite faoin raon feidhme. D'fhéadfadh ollchorrlach breise timpeall EUR 6 mhilliún ó bhia íocleasaithe do pheataí a bheith ann sa ghearrthéarma. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh costais riaracháin agus comhlíonta an tionscail a bheith beagán níos lú mar d'fhéadfadh sé brath níos mó ar an treoir athbhreithnithe ó AE maidir le dea-chleachtas monaraíochta.

I gcás amháin faoi rogha 3, bheadh EUR 19 milliún de chostas breise i gceist mar gheall ar uasghrádú intuigthe ar na caighdeáin mhonaraíochta ar 50% den táirgeadh reatha. Ní bheadh aon tionchar ar 25 % den táirgeadh reatha mar gheall ar chaighdeán nua AE. Bheadh an 25 % eile in ann laghduithe timpeall EUR 31 mhilliún ar chostas a chur i gcrích ós rud é go mbeadh na táirgeoirí in ann (1) an teicneolaíocht táirgthe is fearr ó thaobh éifeachtúlachta costais de a roghnú de réir na staide sa réigiún agus (2) brabús a dhéanamh ó bharainneachtaí scála ós rud é go mbeadh éileamh níos mó ar bheatha íocleasaithe. D'fhéadfaí na costais mhonaraíochta a laghdú EUR 12 mhilliún ar fud AE ina iomláine. Rinneadh cás eile a ríomh mar anailís íogaireachta (costais mhéadaithe ar 65 % den táirgeadh beatha íocleasaithe – ní bheadh laghduithe i gceist ach i 10% den táirgeadh): Bheadh an méadú ar chostais sa chéad ghrúpa EUR 12 mhilliún níos mó ná an méid a shábhálfaí sa dara ceann.

Le caighdeán nua comhchuibithe AE do tháirgeadh beatha íocleasaithe d'fhéadfaí an fhéidearthacht iomlán nuálaíochta a chur i gcrích, rud a fhágann go mbeadh corrlach breise timpeall EUR 15 mhilliún i réimse an bhia íocleasaithe do pheataí sa ghearrthéarma, agus sa réimse sin amháin, agus méid i bhfad níos mó ina dhiaidh sin. Dá leagfaí síos critéir do tháirge ar leibhéal AE d’fhágfadh sé sin go mbeadh costais riaracháin an-teoranta ar na húdaráis náisiúnta agus ar an gCoimisiún. San fhadtéarma, laghdófaí an t-ualach ar na húdaráis le forfheidhmiú na gcritéar: ar thaobh amháin, is fusa critéir nithiúla a rialú ná prionsabail ghinearálta a léiriú. Ar an taobh eile, is féidir leis na Ballstáit acmhainní a shábháil, acmhainní a úsáideadh roimhe sin chun caighdeáin náisiúnta a bhunú, más infheidhme. Bheadh laghdú mór ar chostais chomhlíonta an tionscail ós rud é nach mbeadh sé faoi cheangal na rialacha náisiúnta éagsúla a thuilleadh.

Thiocfadh feabhas suntasach ar shláinte ainmhithe ós rud go mbeifí in ann beatha íocleasaithe, arna táirgeadh faoi chaighdeáin bharrfheabhsaithe, a úsáid a bheadh ar 'an gcéad bhealach is fearr' chun cógais a thabhairt do chéatadán i bhfad níos airde ainmhithe. Maidir le frithmhiocróbáin, bheadh líon níos lú ainmhithe nochta do leibhéil

fho-theiripeacha sna tíortha sin ina bhfuil na ceanglais aonchineálachta do bheatha íocleasaithe an-lag faoi láthair. D'fhéadfaí bheith ag súil leis an tionchar dearfach sin chomh maith sna réigiúin sin ina bhfuil bealaí dáileogachta eile nach bhfuil chomh beacht céanna in úsáid go coitianta mar gheall ar cheanglais chosantacha maidir le beatha íocleasaithe a mhonarú. Chomh maith leis sin, thiocfadh feabhas suntasach ar shláinte an phobail ós rud é go mbeadh teorainneacha tuliompair leagtha síos, ar fud AE, ar leibhéil a dhéanfadh an riosca a laghdú maidir le forbairt AMR sna Ballstáit ina bhfuil leibhéil lamháltais leathana agus sna Ballstáit ina bhfuil an staid maidir leis an gceist sin doiléir.

Bheadh laghdú ar inniúlacht rialála an Bhallstáit aonair. Faoi rogha 3, bheadh tionchar beag dearfach ar shláinte cheirde ós rud é go mbeadh líon níos lú daoine i dteagmháil le táirgí íocshláinte tréidliachta. Bheifí ag súil le tionchar dearfach ar leas ainmhithe chomh maith ós rud é go mbeadh líon níos lú ainmhithe ag fulaingt de bharr dáileoige easnamhaí agus ós rud é go gcuirfí cóireáil ar líon níos mó ainmhithe (peataí) lena 'ngnáthbheatha' agus go gcuirfí orthu é ar bhealach níos compordaí dá bharr.

7. CONCLÚIDÍ

I bhfianaise an mheasúnaithe thuas, meastar go mbeadh an tionchar is dearfaí ann faoi rogha 3 agus gurb í an rogha sin an ceann is fearr chun chuspóirí AE ina n-iomláine a bhaint amach. Ba cheart go n-imreofaí tionchar dearfach suntasach faoin rogha sin ar éifeachtúlacht costais agus ar an bhfás eacnamaíoch a bhaineann le beatha íocleasaithe a mhonarú, agus cur i bhfeidhm nuálach táirgí íocshláinte tréidliachta san áireamh chomh maith. Ba bheag tionchar diúltach a bheadh ar chéimeanna eile an phróisis. Bheifí ag súil go dtiocfadh feabhas ar shláinte ainmhithe agus sláinte an phobail sna Ballstáit ina bhfuil caighdeáin scaoilte maidir le beatha íocleasaithe agus sna Ballstáit ina bhfuil caighdeáin an-dian. Mar thoradh ar uasleibhéil iarmhair shábháilte maidir le tuliompar táirgí íocshláinte tréidliachta i mbeatha bheadh cothrom iomaíochta ann don tionscal agus do na húdaráis rialaithe.

Dhéanfaí níos lú faireacháin ar mhonarú agus úsáid beatha íocleasaithe mar thoradh ar chritéir táirge a bheith leagtha síos ar fud AE. D'fheadfaí an mheastóireacht ar a mhéid a baineadh cuspóirí na reachtaíochta amach a bhunú ar na critéir sin chomh maith. I gcás ina meastar nach leor iad sin, d'fhéadfaí táscairí breise a fháil ó ionadaithe an tionscail, táscairí amhail an difríocht idir beatha íocleasaithe agus beatha chumaisc ó thaobh praghais de nó an sciar táirgí íocshláinte tréidliachta a dhíoltar i bhfoirm réamh-mheasctha. Mar sin, ba cheart go mbeadh dóthain sonraí ann chun measúnú a dhéanamh cé acu ar baineadh nó nár baineadh amach na cuspóirí de thoradh na mbeartas a cuireadh chun feidhme maidir le margadh inmheánach na beatha íocleasaithe, an t-iomaíochas maidir le táirgeadh beatha íocleasaithe, sláinte ainmhithe agus sláinte an phobail.